Coimisiún na Meán

# Treoir maidir le hIarratais ar Chonradh Craolacháin Fuaime Pobail do Chaisleán an Bharraigh agus an Ceantar Máguaird

Nuashonraithe: Lúnasa 2026

# Clár Ábhar


1.RÉAMHRÁ 3

2.NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH 5

3.TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS AN IARRATAS 7

3.1 Creat Reachtúil agus Beartais 7

3.2 An Limistéar Sonraithe 7

4.FORMÁID AN IARRATAIS 7

Cuid 1 – Sonraí an Iarratasóra 7

Cuid 2 – Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas an Iarratasóra 8

Cuid 3 – Leasanna agus Sochar Sóisialta an Phobail 11

Cuid 4 – Clársceidealú 12

Cuid 5 – Oibríochtaí agus Acmhainní 16

Cuid 6 – Cúrsaí Airgid agus Plean Gnó 20

Cuid 7 – Tús Beartaithe an Chraolacháin 22

5. MEASTÓIREACHT AR IARRATAIS 23

5.7 An Próiseas Cinnteoireachta 27

6.BRONNADH AN CHONARTHA 28

6.1 Fad an Chonartha 28

6.2 Athruithe ar Chomhdhéanamh 28

6.3 Aistriú an Chonartha 28

Iarscríbhinn 1 - Riachtanais Stiúideo 29

Iarscríbhinn 2 – Maitrís Shamplach Scórála 30

Forchoimeádann Coimisiún na Meán ("an Coimisiún") an ceart chun aon chuid den Treoir Tháscach seo maidir le hIarratais ar Chonradh Craolacháin Fuaime Pobail ("Treoir") a leasú nó a shoiléiriú. Leis an Treoir, soláthraítear forbhreathnú ar an bpróiseas ceadúnaithe chun cuidiú le hiarratasóirí ionchasacha tuiscint a fháil ar na forálacha reachtúla agus ar na ceanglais nach mór a chomhlíonadh agus iarratas ar chonradh craolacháin fuaime pobail á chur isteach, de bhun alt 65(8) den Acht Craolacháin 2009. Ní áirítear sa Treoir seo sonraí maidir le haon chonradh nó seirbhís chraolacháin fuaime ar leith ach tugtar le fios inti cá háit a n-áireofar na sonraí céanna.

Déanfar aon leasú, soiléiriú nó faisnéis fhorlíontach den sórt sin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, www.cnam.ie.

Cuir aon cheisteanna faoin treoir seo chuig: licensing@cnam.ie

Nó sa phost nó ar an nguthán:
**Feidhm Ceadúnaithe Craolacháin,**
**Coimisiún na Meán,**
**1 Foirgnimh Shíol Bhroin,**
**Bóthar Shíol Bhroin,**
**Baile Átha Cliath 4, D04 NP20**

+353 1 6441200

## 1. RÉAMHRÁ

Sa Treoir seo, tagraíonn "an Coimisiún" don eagraíocht Coimisiún na Meán agus le "an Coimisiún Cinnteoireachta" tagraítear d'orgán cinnteoireachta Choimisiún na Meán ina bhfuil Coimisiún ildaoine faoi stiúir cúigear Coimisinéirí, na Coimisinéirí um Chraolachán agus Físeán ar Éileamh, Forbairt na Meán, Seirbhísí Digiteacha agus Sábháilteacht ar Líne agus an Cathaoirleach Feidhmiúcháin.

Mar a cheanglaítear le halt 65(8) den Acht Craolacháin 2009 ("Acht 2009"), an 27 Lúnasa 2026, d'fháiltigh an Coimisiún, le fógra poiblí ar a shuíomh gréasáin agus i nuachtán a scaiptear sa limistéar ábhartha, roimh iarratais ar chonradh craolacháin fuaime chun go soláthrófar an tseirbhís craolacháin fuaime pobail seo a leanas:

Seirbhís Craolacháin Fuaime Pobail do Chaisleán an Bharraigh agus an Ceantar Máguaird

Leis an Treoir seo leagtar amach an próiseas iarratais don chonradh craolacháin fuaime pobail faoi Acht 2009, léirítear beartais chraolacháin ghaolmhara an Choimisiúin, agus mínítear an fhaisnéis ar cheart í a áireamh san iarratas.

Níl an Treoir uileghabhálach. Ba cheart d'iarratasóirí athbhreithniú a dhéanamh freisin ar Acht 2009, go háirithe, ailt 64 agus 66, lena mionsonraítear na critéir nach mór don Choimisiún a bhreithniú agus measúnú á dhéanamh ar na hiarratais bhailí uile. Le halt 69 leagtar amach cuid de na coinníollacha conarthacha a áireofar sa chonradh craolacháin fuaime a bhronntar.[1]

Ba cheart d'iarratasóirí athbhreithniú a dhéanamh freisin ar na beartais seo a leanas agus iarratas á ullmhú:

- An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin
- An Beartas maidir le Rialú agus Úinéireacht
- An Beartas um Meáin Phobail
- An Creat um Shochar Sóisialta

Tá na doiciméid seo ar fáil arna iarraidh sin don Choimisiún agus tá siad le fáil ar líne ag www.cnam.ie. Mar a mhínítear sna beartais seo, ní mór d'iarratasóirí breithniú a dhéanamh ar na croíphrionsabail maidir le húinéireacht, ionadaíocht, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht an phobail, agus ar na sochair shóisialta níos leithne dá ndéantar soláthar leis na meáin phobail in Éirinn, mar a leagtar amach i *mBeartas um Meáin Phobail* agus *Creat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin.

Is féidir aon cheisteanna i ndáil le hábhar na Treorach seo nó leis an bpróiseas iarratais a sheoladh chuig licensing@cnam.ie.

[1] Tá conradh craolacháin fuaime táscach chun seirbhís chraolacháin fuaime pobail a sholáthar ar fáil ach é a iarraidh ó oifig an Choimisiúin nó ar líne ar www.cnam.ie.

## 2. NÓSANNA IMEACHTA CHUN IARRATAS A CHUR ISTEACH

Le gach iarratas maidir leis an gconradh craolacháin fuaime pobail a bhronnadh, ní mór na ceanglais in Acht 2009 a chomhlíonadh, mar a mhínítear sa Treoir seo, chomh maith le Formáid an Iarratais a fhorordaítear in alt 4 thíos. Mura gcomhlíontar na ceanglais le hiarratas, measfar nach iarratas bailí é, agus ní féidir leis an gCoimisiún é a bhreithniú a thuilleadh faoi alt 66 d'Acht 2009.

### 2.1 Ceanglais Iarratais

- **Formáid:** Úsáid an fhormáid a leagtar amach i gCuid 4 den Treoir seo agus cuir an fhaisnéis riachtanach uile san áireamh. Molann an Coimisiún iarratais shoiléire, bheachta agus dhea-struchtúrtha.

- **Cur i láthair**: Ullmhaigh an t-iarratas agus úsáid á baint as Arial nó Times New Roman, clómhéid 11. Soláthair an phríomhfhaisnéis i gcorp an iarratais agus cuir ábhar tacaíochta mionsonraithe in aguisíní. Uimhrigh agus crostagair na haguisíní uile go soiléir agus sábháil iad i ndoiciméad PDF nó Word aonair.

- **Cur Isteach:** Cuir d'iarratas isteach le ríomhphost i bhformáid Word nó PDF.

- **Teanga:** Cuir d'iarratas isteach i nGaeilge nó i mBéarla.

- **Fíorú faisnéise**: Cuir dearbhú sínithe ó dhuine údaraithe san áireamh lena ndeimhnítear go bhfuil an fhaisnéis san iarratas agus sna doiciméid tacaíochta fíor agus ceart de réir mar is fearr is eol dó nó di. Is féidir teacht ar chóip de dhearbhú in Iarscríbhinn 1 den fhoirm iarratais.

Soláthraítear dearbhú teimpléid i ndeireadh na foirme iarratais. Más gá don iarratasóir faisnéis a cheartú tar éis iarratas a chur isteach, ní mór don iarratasóir an Choimisiún a chur ar an eolas faoi sin láithreach. Ní dhéanfar aon athruithe ábhartha nuair a bheidh an dáta dúnta istigh.

### 2.2 Foilsiú, Spriocdhátaí, Údaruithe

- **Foilsiú:** Tar éis an spriocdháta, féadfaidh an Coimisiún iarratais a chur ar fáil lena n-iniúchadh go poiblí ag a oifigí agus ar a shuíomh gréasáin.

- **Spriocdháta:** Ní mór iarratais a chur isteach faoin spriocdháta a shonraítear san fhógra poiblí ina bhfáiltítear roimh iarratais. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.

- **Ábhar Rúnda:** Ba cheart aon fhaisnéis a mheasann an t-iarratasóir a bheith rúnda a sholáthar ar leith in iarscríbhinn atá marcáilte go soiléir agus atá ag gabháil leis an iarratas, i dteannta litir ar leith lena mínítear an fáth nár cheart an t-ábhar a phoibliú. Mura gcomhaontaíonn an Coimisiún go bhfuil an fhaisnéis rúnda, déanfaidh sé teagmháil leis an iarratasóir chun comhaontú a lorg maidir le leibhéal an nochta. Mura dtagtar ar aon chomhaontú laistigh den achar ama sonraithe, pléifidh an Coimisiún leis an bhfaisnéis ábhartha mar fhaisnéis a tarraingíodh siar agus measfaidh sé an méid atá fágtha mar d'iarratas iomlán.

- **Údaruithe:** Cuir san áireamh aon údaruithe, tarscaoiltí agus/nó slánaíochtaí a éilíonn an Coimisiún chun iarratais a fhoilsiú.

### 2.3 Oibleagáidí Dlíthiúla agus Rialála

- **Comhaontú Comhoibrithe:** Ba cheart don iarratasóir an Comhaontú Comhoibrithe idir an Coimisiún agus an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí ('CICT'), arna dhéanamh faoi Alt 34 de na hAchtanna Iomaíochta, 2002-2014, a thabhairt faoi deara.[2] Faoin gcomhaontú sin, féadfaidh an Coimisiún faisnéis a nochtadh do CICT in imthosca áirithe.

- **Saoráil Faisnéise:** Féadfar faisnéis a chur ar fáil don phobal de dhroim iarrataí arna ndéanamh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 ("Acht 2014") mura ndíolmhaítear sin faoi Acht 2014. Féadfaidh an Coimisiún teagmháil a dhéanamh leis an iarratasóir faoi fhoilsiú aon fhaisnéise a ndéileáiltear léi mar fhaisnéis rúnda tráth an chur isteach roimh chinneadh a dhéanamh maidir le haon iarraidh ar Shaoráil Faisnéise ('SF') a fhaightear.

- **Cosaint Sonraí:** Chun measúnú a dhéanamh ar d'iarratas faoi na critéir reachtúla, éilíonn an Coimisiún faisnéis faoi eagraíocht, stiúrthóirí, scairshealbhóirí/comhaltaí agus foireann an iarratasóra. Mar chuid de sin, féadfar sonraí pearsanta a áireamh amhail teidil phoist, sonraí teagmhála, tuarastail agus seoltaí ríomhphoist oibre. Pléifidh an Coimisiún leis na sonraí pearsanta uile i gcomhréir leis an Treoir ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, leis an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus le haon dlíthe eile atá infheidhme maidir le príobháideachas sonraí. Ní choinneoidh sé an fhaisnéis sin ach amháin má tá rath ar d'iarratas agus ar feadh an chonartha mura gcomhaontaítear a mhalairt. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí ceaptha ag an gCoimisiún atá cláraithe leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí. Is féidir teacht ar níos mó faisnéise ina Ráiteas Príobháideachais foilsithe ar a shuíomh gréasáin. **Ná cuir sonraí pearsanta nár iarradh san áireamh i d'iarratas.**

- **Comhaontuithe Tríú Páirtí:** De réir Acht 2009 agus an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, ní chuirtear teorainn le hoibleagáidí dlíthiúla an Choimisiúin mar thoradh ar aon chomhaontú a dhéanann sé le páirtithe leasmhara maidir le faisnéis atá rúnda nó íogair ó thaobh tráchtála de. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún a ráthú nach nochtfar faisnéis atá lipéadaithe mar fhaisnéis rúnda má cheanglaítear sin leis an dlí.

---

[2] Tá cóip den Chomhaontú le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin

## 3. TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS AN IARRATAS

### 3.1 Creat Reachtúil agus Beartais

I gCuid 6 d'Acht 2009 soláthraítear an creat reachtúil maidir le seirbhísí craolacháin teilifíse agus raidió a cheadúnú. Ní mór don iarratasóir na ceanglais ceadúnaithe raidió faoi ailt 64, 65, 66 (go háirithe, fo-ailt 66(2), 66(3), 66(4)) agus alt 69 d'Acht 2009 a chomhlíonadh. Ba cheart don iarratasóir doiciméid bheartais an Choimisiúin a cheadú freisin, lena n-áirítear:

- An Straitéis um Sheirbhísí Craolacháin,
- An Beartas maidir le Rialú agus Úinéireacht,
- An Beartas um Meáin Phobail,
- An Creat um Shochar Sóisialta agus
- An Cód maidir le Seirbhísí Meán, agus Rialacha maidir leo, atá infheidhme maidir le craoltóirí.

Ní mór don iarratasóir míniú a thabhairt ar conas a chomhlíonann an tseirbhís bheartaithe ceanglais agus cuspóirí Acht 2009 agus na beartais, na cóid agus na rialacha is infheidhme. Molann an Coimisiún d'iarratasóirí na ceanglais íosta sin a chomhlíonadh agus, i gcás inar féidir, iad a shárú.

### 3.2 An Limistéar Sonraithe

Ciallaíonn an limistéar sonraithe an limistéar geografach ar a ndéantar cur síos san fhógra poiblí lena bhfáiltítear roimh iarratais.

## 4. FORMÁID AN IARRATAIS

Léigh na treoracha agus an treoir go cúramach sula dtosaíonn tú. Sna codanna thíos, leagtar amach an fhaisnéis nach mór don iarratasóir a sholáthar i ngach cuid den fhoirm iarratais. Comhfhreagraíonn an t-uimhriú thíos don fhoirm iarratais.

---

### Cuid 1 – Sonraí an Iarratasóra

Ní mór don iarratasóir a bheith ina eintiteas nó ina heintiteas dlíthiúil aonair. Cuir cóip den Deimhniú ar Ionchorprú agus den Bhunreacht (Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais) san áireamh leis an iarratas.
Soláthair an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an iarratasóir:

- Ainm, seoladh cláraithe, príomhtheagmhálaí, uimhir theileafóin/fóin póca agus seoladh ríomhphoist an iarratasóra.
- Ainm trádála agus ainm cuideachta cláraithe.
- Ainmnigh duine amháin ar a laghad chun déileáil le fiosruithe preasa nó poiblí agus soláthair ainm, uimhir theileafóin agus seoladh ríomhphoist an duine sin.
- Ainm beartaithe an stáisiúin.
- Déan achoimre in alt gairid amháin ar an gcineál seirbhíse raidió pobail atá beartaithe.
- Soláthair na sonraí seo a leanas i leith an iarratasóra:
    - Sainchomhairleoirí
    - Iniúchóirí
    - Aturnae
    - Banc.

Ná cuir aon sonraí pearsanta breise san áireamh (amhail seoltaí baile nó faisnéis teagmhála poiblí) mura n-iarrtar sin go sonrach.

## Cuid 2 – Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas an Iarratasóra

Sa chuid seo, éilítear faisnéis maidir le comhaltaí/úinéirí an iarratasóra agus conas a oibreofar an tseirbhís. Ní mór don iarratasóir a léiriú conas a chomhlíonann an tseirbhís na ceanglais a mhionsonraítear sa *Bheartas um Meáin Phobail*[3] maidir le hionadaíocht agus cuntasacht ar gach leibhéal den tseirbhís.

Ní mór don iarratasóir a bheith ionadaíoch ar an b pobal lena mbaineann agus freagrach dóibh.[4] Ní mór seirbhís craolacháin fuaime pobail a bheith faoi úinéireacht agus á hoibriú ag eagraíocht sheachbhrabúsach a ndéanann a struchtúr soláthar do bhallraíocht, bainistíocht agus oibríochtaí, agus clársceidealú arna dhéanamh ag comhaltaí den phobal go príomha.[5]

Ba cheart na gealltanais sin a áireamh i ndoiciméid bhunaidh oifigiúla an iarratasóra (amhail Rialacha an Chomharchumainn nó an Meabhrán nó na hAirteagail Chomhlachais) a cuireadh isteach leis an iarratas.

### 2.1 Struchtúr agus Comhlacht Rialaithe na hEagraíochta

2.1.1 Déan cur síos ar an eintiteas dlíthiúil a bunaíodh chun an tseirbhís raidió pobail a oibriú. (Mar shampla, cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, comharchumann nó eagraíocht sheachbhrabúsach eile).

2.1.2 Sonraigh an cineál comhlachta rialaithe atá beartaithe, amhail an Bord Stiúrthóirí nó an Coiste Bainistíochta.

2.1.3 Soláthair an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an mBord Stiúrthóirí nó leis an gCoiste Bainistíochta:

- An líon stiúrthóirí.
- Struchtúr an Bhoird nó an Choiste Bainistíochta agus na rialacha maidir le hainmniúchán, toghadh agus ceapachán, agus cé acu a leagtar amach na nósanna imeachta sin leis na doiciméid rialaithe (e.g. Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais).
- Sonraigh an líon stiúrthóirí ionadaíocha, más ann, agus na grúpaí nó na heagraíochtaí dá ndéanann siad ionadaíocht[6]
- Le haghaidh gach stiúrthóra ionadaíoch, soláthair:
    - Ainm an ghrúpa nó na heagraíochta dá ndéantar ionadaíocht
    - Conas a dhéanann an duine sin ionadaíocht don phobal agus conas atá sé freagrach dóibh
    - Conas atá an chéim sin maidir leis an rialú ina taca le hionadaíocht don phobal

2.1.4 Le haghaidh gach stiúrthóra, soláthair:

- Ainm, gairm agus seoladh
- An phost ar an mBord nó ar an gCoiste Bainistíochta.
- Cúlra agus taithí ábhartha (mar shampla, sna meáin, i gcraoltóireacht, sa phobal, taithí airgeadais agus bhainistíochta).
- Stiúrthóireachtaí in eintitis dhlíthiúla eile.
- Sonraí maidir le haon leasanna suntasacha eile i gcraoltóirí raidió nó teilifíse eile.[7]

---

[3] An Beartas um Meáin Phobail 2021
[4] Alt 64(a) d'Acht 2009.
[5] *Beartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin.
[6] Mar shampla, ionadaíoch ar phobail, ar leasanna pobail, ar ghrúpaí nó ar limistéir thíreolaíocha.
[7] Is éard is leas suntasach ann scairsheilbh is mó ná 10% de scairchaipiteal eisithe an eintitis dhlíthiúil a oibríonn seirbhís craolacháin.

- Má bhí baint aige nó aici le seirbhís raidió nó teilifíse roimhe sin nó má tá baint aige nó aici le seirbhís den sórt sin i láthair na huaire: soláthair ainm an stáisiúin, an ról agus na dátaí lena mbaineann.

Cinntigh go mbeidh na sonraí sin ag teacht leis an bhfaisnéis atá i seilbh na hOifige um Chláru Cuideachtaí (CRO).

Soláthair an fhaisnéis chéanna maidir le haon daoine a bhfuil ar intinn ag an iarratasóir a cheapadh ar an mBord.

2.1.5 **Doiciméadacht Éigeantach**

Cuir an Deimhniú ar Ionchorprú, an Bunreacht/na Rialacha nó an Meabhrán agus na hAirteagail Chomhlachais san áireamh.

## 2.2 Struchtúr Ballraíochta

**Tabhair faoi deara:**

Bíonn rialacha maidir le ballraíocht éagsúil ag brath ar an eintiteas dlíthiúil agus leagtar amach i mBunreacht an iarratasóra (an Meabhrán agus na hAirteagail Chomhlachais) iad nó, i gcás comharchumainn, ina Rialacha.

I ndlí cuideachtaí na hÉireann, sainmhínítear comhalta mar dhuine éigin a bhfuil a ainm nó a hainm ar Chlár Comhaltaí an eintitis dhlíthiúil. Mar chuid de sheirbhís raidió pobail, de réir a cineáil, beidh daoine ón bpobal geografach a oibreoidh ar bhonn deonach chun tacú lena hoibríochtaí. Mar sin féin, níor cheart oibrithe deonacha, an fhoireann ná daoine eile den phobal a liostú sa chuid seo mura mbeidh siad ina gcomhaltaí a thaifeadtar ar Chlár na gComhaltaí.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith i gClár na gComhaltaí:

- ainm iomlán agus seoladh poist an chomhalta,
- an dáta a tháinig sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta, agus
- an dáta a scoir sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta (más infheidhme).

Le haghaidh an iarratais seo, ní mór duit dhá liosta a sholáthar:

1. cóip de chlár oifigiúil na gcomhaltaí, agus
2. liosta ar leith den fhoireann agus de na hoibrithe deonacha nach comhaltaí iad.

**Comhaltaí**

- tá siad ina gcomhalta den eintiteas dlíthiúil agus taifeadfar a n-ainm i gClár na gComhaltaí,
- is féidir gur gá dóibh táille a íoc, de réir rialacha na heagraíochta, agus
- tá an ceart acu chun vótáil ag Cruinnithe Cinn Bliana (CCBanna), Cruinnithe Ginearálta Urghnácha (CGUnna) agus maidir le hábhair eile a leagtar amach i mbunreacht an iarratasóra.

2.2.1 Sonraigh cé mhéad comhalta atá ag an eagraíocht faoi láthair, mar atá taifeadta i gClár na gComhaltaí.

2.2.2 Liostaigh na catagóirí/na cineálacha ballraíochta a bheartaíonn tú a fháil agus mínigh conas a dhéanfaidh siad ionadaíocht don phobal ar a bhfreastalaítear. Cuir an doiciméadacht san áireamh lena dtaifeadtar an struchtúr ballraíochta sin mura leagtar na catagóirí amach sa Bhunreacht / sa Mheabhrán agus sna hAirteagail Chomhlachais.

2.2.3 Má bhaineann scaireanna nó táillí leis an mballraíocht, sonraigh na cineálacha agus na costais. Cuir aon chostais bhallraíochta eile san áireamh[8].

2.2.4 Mínigh conas a spreagfaidh an t-iarratasóir comhaltaí nua agus a fhorbróidh sé nó sí ballraíocht ó thrasghearradh leathan den phobal ar feadh théarma an chonartha. Leag amach na straitéisí a úsáidfear.

2.2.5 Doiciméadacht éigeantach: Ní mór cóip de Chlár na gComhaltaí a sholáthar. Mar chuid de sin, ba cheart ainmneacha na gcomhaltaí uile, agus catagóir na ballraíochta atá acu, a chur san áireamh. Bain sonraí teagmhála pearsanta agus seoltaí baile.

2.2.6 I gcás ina bhfuil eagraíocht/eintiteas dlíthiúil ina comhalta nó ina chomhalta, luaigh cé acu atá nó nach bhfuil aon leasanna aici nó aige (mar shampla, scairshealbha, úinéireacht nó stiúrthóireachtaí) in aon chraoltóirí eile, lena n-áirítear raidió nó teilifís.

### 2.3 Struchtúr Bainistíochta

2.3.1 Déan cur síos ar an struchtúr bainistíochta reatha nó beartaithe, agus róil agus stádas na foirne bainistíochta atá le ceapadh á gcur in iúl go soiléir (an fhoireann lánaimseartha, pháirtaimseartha, an fhoireann íoctha agus/nó oibrithe deonacha). Soláthair cairt nó léaráid má tá sin ar fáil.

2.3.2 Má úsáideann an struchtúr bainistíochta fochoistí,[9] soláthair:

- Téarmaí Tagartha (lena n-áirítear a chuspóir agus a fhreagrachtaí)
- Struchtúr tuairiscithe don Bhord Stiúrthóirí/don Choiste Bainistíochta
- Comhaltaí (e.g., an Stiúrthóir, oibrithe deonacha, etc.)
- An modh ceapacháin/roghnúcháin

2.3.3 Do Bhainisteoir an Stáisiúin agus don Oifigeach Comhlíontachta, soláthair:

- Ainm
- Cáilíochtaí
- Taithí ábhartha

Ná soláthair seoltaí baile ná sonraí teagmhála príobháideacha.

2.3.4 Soláthair sonraí maidir le haon tacaíocht fosaíochta, deontais nó scéimeanna oiliúna a fhaigheann an t-iarratasóir don fhoireann íoctha. Mionsonraigh aon chomhaontuithe a dhéantar agus aon ghealltanais a thugtar nó a fhaightear mar chuid de na scéimeanna sin.

### 2.4 Doiciméadacht Éigeantach

#### 2.4.1 Carachtar an Iarratasóra

[8] Cinntigh go mbeidh beartais bhallraíochta i gcomhréir leo sin a leagtar amach sa mheabhrán agus sna hairteagail chomhlachais. Má tá difríochtaí ann, is gá aghaidh a thabhairt air sin nó beartais a thabhairt cothrom le dáta.

[9] Mar fhochoistí den Bhord Stiúrthóirí.

Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún a chinntiú go mbronnfar conarthaí craolacháin ar dhaoine ag a bhfuil carachtar oiriúnach agus ag a bhfuil saineolas, taithí agus acmhainní airgeadais leordhóthanacha. Léirítear 'Tástáil Carachtair' i bhfoirm ocht (8) gceist nach mór a fhreagairt agus úsáid á baint as "is amhlaidh" nó "ní hamhlaidh", thar ceann gach duine de na stiúrthóirí, na scairshealbhóirí ag a bhfuil leas substaintiúil nó rialaithe, bhainisteoir an stáisiúin agus an oifigigh comhlíontachta. Má thugtar an freagra "is amhlaidh" ar aon cheann de na ceisteanna seo a leanas, soláthair sonraí iomlána.

1. An amhlaidh a ciontaíodh an t-iarratasóir i gcion riamh (seachas 'ciontuithe spíonta') a bhaineann le haon cheann díobh seo a leanas:- calaois nó mímhacántacht; ballraíocht in eagraíocht choiriúil; éilliú; cionta sceimhlitheoireachta; sciúradh airgid; maoiniú na sceimhlitheoireachta; dúshaothrú leanaí; gáinneáil ar dhaoine?
2. An amhlaidh a srianadh nó a dícháilíodh an t-iarratasóir riamh mar Stiúrthóir Cuideachta nó a ciontaíodh é nó í riamh in aon chion faoi Achtanna na gCuideachtaí, 1963-2006 (arna leasú) sa dlínse seo nó faoi reachtaíocht choibhéiseach in aon dlínse eile?
3. An amhlaidh a breithníodh an t-iarratasóir riamh ina fhéimheach nó ina féimheach, an amhlaidh a tháinig sé nó sí chun bheith dócmhainneach riamh, an amhlaidh a rinne sé nó sí socrú deonach riamh le creidiúnuithe, nó an amhlaidh a ceapadh glacadóir riamh ar aon cheann dá chuid nó dá cuid sócmhainní, sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?
4. An amhlaidh a bhí an t-iarratasóir riamh ina stiúrthóir ar chuideachta ar ar ceapadh glacadóir, a chuaigh faoi leachtú éigeantach, faoi leachtú deonach creidiúnuithe, faoi scrúdaitheoireacht nó a rinne aon socrú lena creidiúnuithe nó lena haicme creidiúnuithe?
5. An amhlaidh a ciontaíodh an t-iarratasóir riamh i gcion faoi aon reachtaíocht faoina ndéantar Craolachán agus/nó Radaiteileagrafaíocht a rialú sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?
6. Aon cheadúnas nó conradh de chuid an iarratasóra arna eisiúint ag comhlacht ceadúnúcháin craolacháin nó aon chomhlacht reachtúil eile, an amhlaidh a cuireadh ar fionraí riamh é nó a cúlghaireadh riamh é sa dlínse seo nó in aon dlínse eile?
7. An amhlaidh a bhí tú riamh faoi réir aon cheann de na nithe seo a leanas: - torthaí díobhálacha ó údarás cánach; torthaí díobhálacha ó chomhlacht rialála i ndáil le mí-iompar gairmiúil tromchúiseach; torthaí díobhálacha ó údarás iomaíochta i ndáil le hiompar frithiomaíoch?
8. An amhlaidh atá an t-iarratasóir ar an eolas faoi aon chúis a fhágfaidh nach cuí ná oiriúnach conradh a bhronnadh air nó uirthi?

Soláthraítear teimpléad leis an bhfoirm iarratais. Ní mór do na hiarratasóirí foirm chomhlánaithe a chur san áireamh do gach duine aonair a luaitear thuas.

## Cuid 3 – Leasanna agus Sochar Sóisialta an Phobail

Sa chuid seo, ní mór don iarratasóir a chuid nó a cuid eolais agus tuisceana ar riachtanais an phobail a léiriú. Cuir pleananna san áireamh do rannpháirtíocht ghníomhach an phobail ar gach leibhéal d'oibríocht na seirbhíse. Léirigh go dtabharfaidh an tseirbhís aghaidh ar leasanna an phobail ar a bhfreastalaítear agus go soláthróidh sí sochar sóisialta dó. Cuir doiciméadacht tacaíochta agus taighde san áireamh chun tacú leis sin. Agus doiciméid á liostú, soláthair an fhoinse, an t-údar, an foilsitheoir agus bliain an fhoilsithe i gcás inarb ábhartha

Le plean an iarratasóra le haghaidh rochtain agus rannpháirtíocht an phobail, ní mór ailíniú soiléir leis na táscairí sochair shóisialta sa *Chreat um Shochar Sóisialta* a léiriú. Leis na táscairí sin, ba cheart an tsamhail S.M.A.R.T. a leanúint agus ba cheart iad a bheith sonrach, intomhaiste, indéanta, ábhartha agus faoi cheangal ama.

### 3.1 An Pobal Geografach ar a bhfreastalófar

3.1.1 Sainmhínigh agus soláthair próifíl den phobal geografach ar a bhfreastalófar.

### 3.2 Leasanna an Phobail agus an Sochar Sóisialta

3.2.1 Mínigh conas a chomhlíonfaidh an tseirbhís riachtanais agus leasanna éagsúla na ndaoine sa phobal. Má thacaítear leis an bhfreagra sin le taighde nó meastóireachtaí, cuir san áireamh iad.

3.2.2 Déan cur síos ar conas a neartóidh an tseirbhís bheartaithe na gníomhaíochtaí sochair shóisialta a thairgtear ar feadh théarma an chonartha. Léirigh an méid sin agus úsáid á baint as trí cinn ar a laghad de na sé réimse a shainaithnítear sa *Chreat um Shochar Sóisialta*[10], agus cuir amlínte agus foinsí fianaise san áireamh mar a liostaítear san fhoirm iarratais.
Tabhair faoi deara: Ní dhéanfar measúnú ach ar thrí tháscaire fiú amháin má sholáthraítear níos mó.

3.2.3 Mínigh conas a dhéanfaidh an t-iarratasóir meastóireacht ar na sochair shóisialta a sholáthraíonn an stáisiún, lena n-áirítear na modheolaíochtaí atá le húsáid agus an mhinicíocht lena ndéanfar na meastóireachtaí sin. Ina theannta sin, sa chuid airgeadais den iarratas, sonraigh an buiséad a bheartaíonn tú a shannadh ar an ngníomhaíocht sin.

## Cuid 4 – Clársceidealú

Sa chuid seo, ní mór don iarratasóir míniú a thabhairt ar an dóigh a ndéanfaidh an tseirbhís an méid seo a leanas:

- freastalóidh sí ar an bpobal laistigh den limistéar saincheadúnais;
- déanfaidh sí rannpháirtíocht pobail ghníomhach a chur chun cinn ina cláir agus a dtacóidh sí léi;
- cuirfidh sí le héagsúlacht an chlársceidealúcháin sa limistéar saincheadúnais; agus
- oibreoidh sí i gcomhréir le héiteas na meán pobail.

Ba cheart cur chuige clársceidealúcháin an iarratasóra a bheith ag teacht leis na táscairí sochair shóisialta sa *Chreat um Shochar Sóisialta.* I gcás inar féidir, ba cheart don iarratasóir a léiriú conas a bhaineann a chlársceidealú leis na táscairí sin. Le haon cheann de na táscairí a áirítear san iarratas ní mór an tsamhail S.M.A.R.T. a leanúint agus ní mór iad a bheith soiléir agus infhíoraithe ar feadh achar ama sainithe.

### 4.1 Straitéis Chlársceidealúcháin

4.1.1 Leag amach na straitéisí a chuirfidh an t-iarratasóir i bhfeidhm maidir leis an méid seo a leanas:

- taighde ar an gclár;
- léiriú an chláir;
- rialú cáilíochta;
- a chinntiú go gcomhlíonfaidh an tseirbhís na ceanglais dhlíthiúla agus na hoibleagáidí conartha uile; agus
- a chinntiú go n-oibreoidh an tseirbhís i gcomhréir le héiteas na meán pobal.

### 4.2 An Ráiteas Beartais Cláir

Leagtar amach sa Ráiteas Beartais Cláir (RBC) na gealltanais chlársceidealúcháin atá an t-iarratasóir toilteanach a thabhairt don Choimisiún. Feidhmeoidh sé mar shlat tomhais a ndéanfar feidhmíocht an

[10] *Creat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin: http://www.bai.ie/en/media/sites/2/dlm_uploads/2020/06/Community-Radio-Delivering-Social-Benefit-.pdf *Beartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin: https://www.cnam.ie/app/uploads/2025/01/BAI-Policy-on-Community-Media-Report-Irish-Final-Web.pdf

iarratasóra rathúil amach anseo a thomhas agus a mheasúnú ina coinne agus, dá réir sin, beidh sé mar chuid den chonradh idir an Coimisiún agus an t-iarratasóir rathúil, faoi réir tuilleadh caibidlíochta idir an Coimisiún agus an tIarratasóir rathúil.

4.2.1 Fealsúnacht Chraolacháin agus Éiteas Pobail

- Léirigh fealsúnacht chraolacháin agus fís an iarratasóra don tseirbhís.
- Déan cur síos ar conas a éascófar agus a spreagfar rochtain an phobail agus rannpháirtíocht ghníomhach sa chlársceidealú.
- Mínigh conas a dhéanfaidh an tseirbhís ionadaíocht do phobail áitiúla nó pobail chomhleasa agus conas a thacóidh grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara ábhartha léi (mar shampla, is féidir go n-áireofar ann sin conas a éascaíonn an tseirbhís cumarsáid idir daoine aonair agus grúpaí, conas a chuireann sí ionchuimsitheacht agus ionadaíocht chun cinn i measc an phobail agus conas a léiríonn sí an éagsúlacht chultúrtha laistigh den phobal)

4.2.2 Ceanglais maidir leis an lae craolta

Soláthair an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an lá craolta:

- Sonraigh na huaireanta craolta laethúla iomlána
- Sonraigh na huaireanta clársceidealúcháin bheo in aghaidh an lae
- Sonraigh na huaireanta clársceidealúcháin athchraolta gach lá; agus
- Sonraigh na huaireanta clársceidealúcháin réamhthaifeadta gach lá.

Ceanglais maidir le céatadán an ábhair

Tabhair céatadán na n-uaireanta craolta do 07:00-19:00 a bheidh tiomnaithe don mhéid seo a leanas:

- Clársceidealú ceoil
- Ábhar bunaithe ar chaint (nach nuacht ná cúrsaí reatha é)
- Nuacht agus cúrsaí reatha
- Cumarsáid tráchtála (fógraíocht, urraíocht) mar a shainmhínítear i gCód Ginearálta an Choimisiúin maidir le Cumarsáid le haghaidh na tréimhse 07:00-19.00

Soláthair na céatadáin chéanna le haghaidh an lae craolta iomláin don mhéid seo a leanas:

- Clársceidealú ceoil
- Ábhar bunaithe ar chaint (seachas an nuacht agus cúrsaí reatha)
- Nuacht agus cúrsaí reatha
- Cumarsáid tráchtála mar a shainmhínítear i gCód Ginearálta an Choimisiúin maidir le Cumarsáid le haghaidh na tréimhse 07:00-19.00

4.2.3 Nuacht

Mínigh an cur chuige maidir le clársceidealú nuachta, lena n-áirítear:

- Na cineálacha clár nuachta a bheidh le craoladh (cláir áitiúla, phobail, etc.), agus a mbéim ar an bpobal agus a n-ábharthacht don phobal.
- Conas a thiocfar ar chineálacha éagsúla nuachta.
- Líon agus fad na bhfeasachán (más infheidhme) agus na gclár nuachta leathnaithe (laethanta den tseachtain agus ag an deireadh seachtaine).

4.2.4 Cúrsaí Reatha agus Pobail

Mínigh an cur chuige maidir le clársceidealú cúrsaí reatha, lena n-áirítear:

- An fhormáid, an fad agus an mhinicíocht (laethanta den tseachtain agus ag an deireadh seachtaine)
- Conas a bheidh cláir ina rannchuidiú le héagsúlacht an ábhair sa réimse agus a n-ábharthacht don phobal.

4.2.5 Ceanglas Reachtúil maidir leis an Nuacht agus Cúrsaí Reatha

Léirigh conas a chomhlíonfaidh an t-iarratasóir an ceanglas reachtúil[11] a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- 20% ar feadh an lae craolta iomláin, agus
- má sholáthraítear an tseirbhís ar feadh níos mó ná 12 uair an chloig in aon lá amháin, tréimhse nach gairide ná craoladh dhá uair an chloig idir 07:00 agus 19:00.

4.2.6 Spóirt

Mínigh an cur chuige maidir le clársceidealú spórt, lena n-áirítear:

- Na cineálacha spórt a chlúdaítear agus a n-ábharthacht.
- Conas a chuirtear éagsúlacht leis an gclársceidealú spórt sa réimse cheana féin, agus sin a bhuí leis an ábhar.

4.2.7 Clársceidealú Cainte (seachas an nuacht, cúrsaí reatha ná spórt)

Mínigh an cur chuige maidir le clársceidealú ginearálta nó speisialtóra atá bunaithe ar chaint agus nach bhfuil dírithe ar an nuacht, ar chúrsaí reatha ná ar spórt. Mar chuid de sin, d'fhéadfaí a áireamh, mar shampla, na healaíona agus siamsaíocht, cultúr, stair, oideachas agus leasanna mionlaigh. Leag amach na sonraí seo a leanas:

- An fhormáid (clár faisnéise, irischlár, etc.), an teanga, an fad, an t-ábhar agus an mhinicíocht (sheachtainiúil, mhíosúil, etc.)
- Ábharthacht na gclár seo don phobal agus an chaoi a gcuirfidh siad le héagsúlacht na cainte agus/nó an chlársceidealúcháin sa réimse.

4.2.8 Mínigh an cur chuige clársceidealúcháin lena dtacaítear le hinscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht (ICÉI), inbhuanaitheacht comhshaoil agus litearthacht sna meáin. Leag amach na sonraí seo a leanas:

- Formáid (amhail clár faisnéise nó irischlár), teanga, fad, ábhar agus minicíocht (e.g. sheachtainiúil nó mhíosúil) na gclár sin, agus
- Conas atá an t-ábhar ina thaca leis na téamaí sin.

4.2.9 An Ghaeilge agus Cultúr na hÉireann

Luaigh an méid agus déan cur síos ar an gcineál clársceidealúcháin:

- Sa Ghaeilge
- Clársceidealú[12] dátheangach (tabhair meastachán ar an gcion a bheidh as Gaeilge)
- Clársceidealú a bhaineann le cultúr na hÉireann.

Ní mór gealltanas a bheith san áireamh in PPS chun tacú le clársceidealú na Gaeilge a fhorbairt de dhroim athbhreithniú an Choimisiúin ar sheirbhísí agus ábhar na Gaeilge a sholáthar ar fud na meán uile.

---

[11] Alt 46L(5) den Acht Craolacháin 2009

[12] I gclársceidealú dátheangach, féadfaidh 60% ar a mhéad den ábhar a bheith sa Bhéarla

4.2.10 Ceol Ginearálta agus Speisialtóra/Nideoige

Déan cur síos ar an mbeartas clársceidealúcháin ceoil atá beartaithe, lena n-áirítear:

- an réimse agus an cineál ceoil ar feadh an lae craolta, (seánraí, réanna, cairteacha bunaidh), lena n-áirítear sonraí maidir leis an gcéatadán do gach cineál; agus
- conas a léirítear leasanna an phobail leis an mbeartas agus a chuirtear isteach éagsúlacht ceoil agus/nó clársceidealúcháin eile sa réimse.

4.2.11 Ceol na hÉireann

Sainmhínigh ceol na hÉireann atá le craoladh. Léirigh an garmhéid de Cheol na hÉireann atá le seinm ar feadh an lae craolta iomláin mar chéatadán den aschur ceoil iomlán.

4.2.12 Cur chun cinn Chultúr agus Thallann na hÉireann

Déan cur síos ar conas a thacóidh an tseirbhís le tallann na hÉireann sa cheol, sa dráma agus sa tsiamsaíocht tríd an méid seo a leanas:

- comhpháirtíochtaí nó tionscnaimh pobail
- clársceidealú
- léiriú
- urraíocht

4.2.13 Ábhar Craolta a Cheannach agus a Dhíol

Déan cur síos ar bheartais a bhaineann le hábhar craolta a cheannach, a dhíol nó a chomhroinnt/a líonrú ó chraoltóirí eile agus soláthraithe ábhair tríú páirtí araon (más infheidhme).

4.2.14 Bailiú Sonraí

Soláthair gealltanais maidir le bailiú sonraí i ndáil le clársceidealú a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- Inbhuanaitheacht Comhshaoil
- Inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht (ICÉI)
- Litearthacht sna meáin
- An Ghaeilge

Le haghaidh gach ceann de na téamaí thuas, deimhnigh go ndéanfar sonraí a bhailiú agus a choinneáil ar fheidhmíocht i ndáil leis na gealltanais a rinneadh i ngach réimse, agus go soláthróidh an t-iarratasóir tuarascálacha don Choimisiún arna iarraidh sin.

4.2.15 Tograí Clársceidealúcháin Eile

Déan cur síos ar aon tograí clársceidealúcháin eile, lena n-áirítear:

- Clársceidealú i dteangacha eile
- Clársceidealú cainte speisialtóra
- Cineálacha ábhair ábhartha eile

### 4.3 Sceideal Clár Táscach

Soláthair gnáthsceideal clár seachtainiúil (mar dhoiciméad ar leith) lena n-áirítear:

- uaireanta craolta beartaithe.
- sonraí maidir le hábhar an chláir
- nótaí míniúcháin lena léirítear conas a chomhlíontar gealltanais PPS leis an gclársceidealú.

## Cuid 5 – Oibríochtaí agus Acmhainní

### 5.1 Stiúideonna

Ní mór don iarratasóir stiúideonna atá inrochtana do chách a sholáthar. Soláthair an fhaisnéis seo a leanas:

5.1.1 Líníochtaí agus Leagan Amach an Stiúideo agus na hOifige

- Soláthair, **mar dhoiciméad ar leith**, líníocht den choimpléasc stiúideo agus oifige beartaithe lena léirítear méideanna na seomraí, leithid na bpasáistí, na leithid oscailte doirse agus na toisí don bhealach isteach san fhoirgneamh.

5.1.2 Soláthair seoladh fhoirgneamh an stiúideo agus an t-achar urláir iomlán atá ar fáil. Má chuimsíonn an t-áitreabh urláir iomadúla nó foirgnimh ar leith, sonraigh an t-achar urláir do gach cuid.

5.1.3 Cur Síos ar Áitreabh an Stiúideo

- Soláthair cur síos mionsonraithe ar an bhfoirgneamh atá beartaithe, lena n-áirítear a thógáil, aois an fhoirgnimh, aicmí úsáide ceadaithe, an leibhéal rochtana do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear infhaighteacht ardaitheora do shuiteálacha ilurlár, agus an fáth a bhfuil sé oiriúnach é a úsáid mar stiúideo raidió agus/nó suíomh oifige.

5.1.4 Ceadanna Pleanála

- Deimhnigh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon iarratais phleanála agus/nó ar ceadaíodh nó nár ceadaíodh iad do shaoráid an stiúideo.

5.1.5 Ceanglais Inrochtaineachta

- Deimhnigh go mbeidh áitreabh beartaithe an stiúideo inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas. Má tá áitreabh beartaithe an stiúideo le bheith suite thar dhá urlár nó níos mó, ní mór ardaitheoir a sholáthar.

5.1.6 Líníochtaí Teicniúla don Leagan Amach

- Soláthair (mar dhoiciméad ar leith) líníochtaí mionsonraithe lena léirítear toisí an stiúideo, saoráidí teicniúla, limistéir oifige agus riaracháin agus cóireálacha fuaimiúla.
- Leis na léaráidí ní mór a léiriú go gcomhlíontar Cuid M de na Rialacháin Foirgníochta agus Treoirlínte an Údaráis Náisiúnta Míchumais maidir le Foirgnimh do Chách. Go háirithe, ní mór stiúideonna a dhearadh agus a thógáil chun na riachtanais maidir le cúrsaíocht stiúideo in Iarscríbhinn 1 a chomhlíonadh.

5.1.7 Ceanglais maidir le Seomra Folctha Inrochtana

- Soláthair líníocht de réir toisí den leithreas do dhaoine faoi mhíchumas lena n-áireofar suíomh an dorais, an leithris agus an bháisín níocháin. Leis an líníocht, ba cheart suíomh an leithris do dhaoine faoi mhíchumas a léiriú freisin i ndáil le limistéir an stiúideo agus na hoifige agus leis an mbealach ón stiúideo chuig an leithreas do dhaoine faoi mhíchumas mura bhfuil sé díreach in aice le limistéir an stiúideo agus na hoifige.

5.1.8 Cúrsaí Meicniúla agus Leictreacha

- Soláthair sonraí maidir leis an téamh, leis an aeráil agus leis an stáisiún cumhachta fuireachais atá beartaithe agus leis an áit a bhfuil an trealamh sin le bheith suite.

5.1.9 Ceanglais Slándála

- Déan cur síos ar na sásraí slándála atá beartaithe chun cosaint a thabhairt ar rochtain neamhúdaraithe ar an stiúideo ar an aer.

5.1.10 Ceanglais trealaimh: Má tá trealamh nua ag teastáil

- Má tá gá le trealamh stiúideo nua, soláthair liosta miondealaithe de na costais a bhaineann le hathchóiriú an fhoirgnimh, tógáil an stiúideo, daingneáin oifige, feistis, TF, trealamh stiúideo agus trealamh teicniúil a bhaineann le craoladh.

5.1.11 Bail an Trealaimh atá ann cheana

Más amhlaidh a úsáidfear trealamh nó foirgnimh stiúideo, oifige nó ríomhaire atá ann cheana, soláthair:

- aois an trealaimh/na saoráidí
- saolré beartaithe an trealaimh
- plean athsholáthair/athchóirithe don trealamh/do na saoráidí sin ar feadh an chonartha

5.1.12 Rochtain an Phobail ar Shaoráidí

Mínigh conas a chuirfear rochtain an phobail chun cinn agus a éascófaí í sna gnéithe éagsúla den tseirbhís, mar shampla, suíomh na stiúideonna agus inrochtaineacht orthu.

**Tabhair faoi deara:** Ní thugtar aon ráthaíocht go bhformheasfar áitribh stiúideo atá in úsáid faoi láthair ag aon chonraitheoir craolacháin fuaime lena n-úsáid faoi aon chonradh nua. Le linn d'iarratasóirí áitribh a mholadh, ní mór dóibh cloí go docht leis na ceanglais a leagtar amach sa chuid seo.

Ba cheart d'iarratasóirí na sonraí mar a iarrtar sa chuid seo a chur isteach i gcás aon stiúideonna breise/scar-rogha atá beartaithe.

## 5.2 Tarchur

5.2.1 Ceanglais maidir le Suíomhanna Tarchuir

Mar is dual dó, ba cheart don togra tarchuir a bheith bunaithe ar shuíomh aonair laistigh den limistéar saincheadúnais, agus ERP ainmniúil 50W ag gabháil leis. Ba cheart an suíomh a bheith ar airde chuí ach gan bheith ró-ard agus, nuair a chomhcheanglaítear leis an bpatrún radaíochta aeróige é, ba cheart dó clúdach a sholáthar don chuid is mó den limistéar beartaithe fad atá íoslaghdú á dhéanamh ar sceithchlúdach chuig limistéir lasmuigh den limistéar saincheadúnais beartaithe.

Is féidir go mbeidh suíomhanna tarchuir iomadúla ceadaithe de réir mhéid an limistéir saincheadúnais agus topagrafaíocht áitiúil, ach is féidir go ndéanfar breithniú air sin ar bhonn cás ar chás.

Ní mór d'iarratasóirí an méid seo a leanas a sholáthar:

- Réasúnaíocht don phlean tarchuir, lena n-áirítear cur síos ginearálta ar an gclúdach beartaithe agus ar na limistéir a fhéadfaidh glacadh imeallach nó míshásúil a fháil.

5.2.2 Faisnéis Tarchuir Riachtanach

- Tábla saintréithe teicniúla den stáisiún tarchuradóra beartaithe (formáid thíos).

| Ainm an tSuímh | Comhordanáidí an tSuímh | Airde an tSuímh os Cionn Leibhéal na Mara | Airde Aeróige os Cionn na Talún | ERP in aghaidh an POL |
|---|---|---|---|---|
| Cnoc Beag | 123456O<br>123456T | 120m | 20m | 17dBW in aghaidh an POL |

Ní mór comhordanáidí an tsuímh a sholáthar i gceachtar de na formáidí seo:

- Formáid mhéadrach, i.e., Oirlínte agus Tuaidhlínte. Is féidir iad sin a chinneadh go héasca ó léarscáil de scála 1:50000.
- Formáid Domhanleithid/Domhanfhaid. Ní mór iad sin a sholáthar i gcéimeanna, nóiméid agus soicindí, e.g., 52º 14’ 56” Thuaidh, 7º 45’ 34” Thiar.
- Is féidir léarscáil Google/Bing ar a marcáiltear an spota le “x” a sholáthar freisin chun suíomh an tarchuradóra a shoiléiriú.

5.2.3 Soláthair deimhniú ó úinéir agus/nó oibreoir na saoráide tarchuir á rá gur féidir an suíomh a úsáid chun na críche sin.

5.2.4 Luaigh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh agus/nó a formheasadh nó nár formheasadh iarratas pleanála don tsaoráid tarchuir.

5.2.5 Soláthair faisnéis theicniúil, lena n-áirítear

(a) Sonraí agus cineál an chórais aeróige a bheidh ag teastáil chun an patrún radaíochta atá beartaithe don stáisiún tarchuradóra a chomhlíonadh.

(b) Sonraí ar an scagaire bandabhealaigh/ar an gcóras comhcheangail agus ar an gcúplóir treoch atá beartaithe chun a chinntiú go gcomhlíonfar téarmaí an cheadúnais.

(c) Sonraí ar an bhfotha fuaime ón stiúideo go dtí an tarchuradóir.

(d) Deimhnigh más amhlaidh a sholáthrófar gineadóir cúltaca éigeandála nó soláthar cumhachta fuireachais eile lena úsáid ag an iarratasóir ag an tsaoráid tarchuir.

(e) Sonraí maidir le suíomh an fhoirgnimh tarchuradóra, uiscedhíonacht agus éascaíocht inrochtaineachta. Sonraí ar shuíomh fisiciúil beartaithe an trealaimh tarchuradóra. Ní mór an trealamh uile a bheith suite ar bhealach a fhágann go bhfuil rochtain air i gcomhréir le rialacháin sláinte agus sábháilteachta i ndáil le bheith ag obair go sábháilte ar airde, etc., agus go bhfuil go leor spáis ann chun trealamh tástála a úsáid go sábháilte.

- Leibhéal an urláir (urlár na talún, an díon etc.)
- Sonraí maidir leis an rochtain staighre nó ardaitheora mura bhfuil sé ar urlár na talún
- Struchtúr feistithe an tarchuradóra
- Má tá sé lonnaithe go seachtrach, sonraí maidir leis an gcaibinéad cásála, lena n-áirítear a shonraíochtaí uiscedhíonta agus cosanta seaca

(f) I gcásanna ina mbeartaíonn an grúpa iarratasóra lonnú ar chrann atá ann cheana nó gar do cheann, ceanglaítear eolas maidir le húinéir agus príomhúsáideoirí an chrainn chéanna. Má tá áititheoirí eile ar an suíomh, tabhair sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

- Liosta de na háititheoirí eile uile
- Gaireacht na n-aeróg nó na gcrann eile ag an suíomh i ndáil leis an aeróg agus leis an gcrann atá beartaithe
- An trealamh raidió atá á úsáid ag na háititheoirí eile.

Deimhnigh arís má rinneadh agus/nó má formheasadh iarratas pleanála don tsaoráid tarchuir. **Tabhair faoi deara:** Éileofar deimhniú doiciméadach ar an gcead pleanála, i gcás inar gá.

5.2.6 Soláthair breacadh clúdaigh atá tuartha ag ríomhaire is féidir a bhaint amach agus úsáid á baint as na saintréithe tarchuir beartaithe, agus iad forshuite ar léarscáil oiriúnach.

Ba cheart an leibhéal clúdaigh a léiriú go soiléir trí úsáid a bhaint as pailéad dathanna oiriúnach atá bunaithe ar chéim incriminteach idir 3 agus 6dBµV/m. Ní mór an tsamhail tuartha, maolú tranglaim, taifead an bhunachair sonraí tír-raoin, airde na haeróige glacadóireachta os cionn talún agus an leibhéal comhartha íosta iarmhartach is gá le haghaidh glacadh steiréó i limistéir uirbeacha agus thuaithe a sholáthar.

5.2.7 Soláthair cur síos ar an líonra naisc agus léaráid de lena n-áirítear léiriú ar an leibhéal cosanta nó na córais chúltaca a úsáidfear. Ba cheart an costas caipitil iomlán agus na muirir bhliantúla ghaolmhara a sholáthar.

5.2.8 Soláthair costais chaipitil mhiondealaithe don trealamh tarchuir beartaithe, lena n-áirítear tarchuradóirí VHF, glacadóirí, ionchódóirí RDS, scagairí bandabhealaigh, cúplóirí treocha, cábla fothaire agus córas aeróige, teorantóir modhnúcháin, naisc raidió, tógáil, téamh, aeráil, stáisiún cumhachta fuireachais, struchtúr tacaíochta aeróige agus suiteáil gach a bhfuil thuas.

- I gcásanna ina bhfuil saoráidí á soláthar ag cuideachta tarchuir atá ann cheana, éilítear an costas caipitil agus bliantúil agus sonraí ar an leibhéal trealaimh agus seirbhíse.
- I gcásanna ina mbeartaíonn iarratasóir an trealamh tarchuir atá ann cheana a úsáid, ní mór aois an trealaimh a bheartaítear a úsáid, ionchas saoil an trealaimh agus plean, ina n-áirítear costais, chun an trealamh sin a athsholáthar agus a athchóiriú le linn shaolré aon chonartha nua, a sholáthar.

5.2.9 Soláthair sonraí maidir le duine atá cáilithe go hoiriúnach nó cuideachta tarchuir atá freagrach as suiteáil an tarchuradóra agus cur síos ar an saineolas teicniúil leanúnach atá ar fáil don institiúid. Ainm úinéir an tarchuradóra, nó má tá sé á fháil ar cíos, ainm na cuideachta cíosa.

5.2.10 Má tá ceadúnas RDS ag teastáil. Sonraigh na hocht gcarachtar neamhscrollaithe RDS a úsáidfear chun an stáisiún a shainaithint.

**Tabhair faoi deara:** Níl sé de cheangal ar an gCoimisiún glacadh le haon ghné de thogra tarchuir. Is faoin gCoimisiún agus ComReg atá sé athruithe a éileamh ar aon chuid den phlean tarchuir mar chuid de chaibidlíocht chonartha le haon iarratasóir rathúil.

Ba cheart breithniú cúramach a dhéanamh agus suíomhanna tarchuradóra á roghnú, go háirithe i gceantair uirbeacha, chun dí-íogrú glacadóirí inmheánacha sa cheantar máguaird a sheachaint. Ba cheart, dá bhrí sin, tarchuradóirí a lonnú ar shuíomhanna ardaithe amach ó cheantair chónaithe.

Ní mór do gach suiteáil tarchuradóra VHF-FM cloí leis na coinníollacha teicniúla a leagtar amach i nDoiciméad Teicniúil ComReg 12/04a, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ComReg ar www.comreg.ie.

## 5.3 Acmhainní (Soláthar Foirne)

5.3.1 Léaráid Soláthair Foirne

- Cuimsigh léaráid soláthair foirne lena léirítear na róil uile agus cé acu atá nó nach bhfuil gach post de chineál lánaimseartha, páirtaimseartha nó deonach.

5.3.2 Beartais AD

- Liostaigh Beartais AD bheartaithe an iarratasóra le haghaidh na foirne íoctha agus oibrithe deonacha araon (má tá siad le fáil ar líne, soláthair naisc).

### 5.4 An Fhoireann Íoctha (más infheidhme)

Le haghaidh iarratasóirí ag a bhfuil foireann íoctha, soláthair sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

- tuarastail le haghaidh róil lánaimseartha agus pháirtaimseartha
- pleananna earcaíochta
- beartas um chaidreamh tionsclaíoch, lena n-áirítear conas a aithnítear ballraíocht i gceardchumann ann
- beartas pá agus sochar (scéimeanna pinsin agus árachais, etc.)
- beartas oiliúna agus forbartha, lena n-áirítear an buiséad bliantúil atá beartaithe
- scéimeanna tacaíochta fostaíochta nó oiliúna eile agus faisnéis maidir le haon chomhaontuithe nó gealltanais a bhaineann leis na scéimeanna sin
- beartais, más ann, maidir leis an bhfoireann atá á híoc agus a bhfuil baint acu le rialachas (mar shampla, ballraíocht den eagraíocht, coistí, etc.)

### 5.5 Oibrithe Deonacha

Ba cheart straitéis dheonach an iarratasóra a bheith ag teacht leis an *gCreat um Shochar Sóisialta*.

Soláthair sonraí maidir leis an méid seo a leanas:

- Líonta reatha na n-oibrithe deonacha agus na líonta is gá don tseirbhís bheartaithe
- Plean earcaíochta na n-oibrithe deonacha
- Oibríochtaí rannpháirtíochta na n-oibrithe deonacha (mar shampla, bainistíocht, pleanáil clár, léiriúchán, cur i láthair, tiomsú airgid).
- Aon tograí nó beartais chun ionadaíocht a dhéanamh d'oibrithe deonacha san úinéireacht, sa rialú nó sa bhainistíocht (mar shampla, ballraíocht den eagraíocht, fochoistí).
- Oiliúint a chur ar oibrithe deonacha, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a chothú, lena n-áirítear an buiséad bliantúil atá beartaithe.
- Aon scéimeanna tacaíochta fostaíochta nó oiliúna eile agus faisnéis faoi aon socruithe nó gealltanais a sholáthraítear nó a fhaightear faoi na scéimeanna sin.

## Cuid 6 – Cúrsaí Airgid agus Plean Gnó

Ní mór acmhainní airgeadais leordhóthanacha a bheith ag an iarratasóir. Leis an straitéis airgeadais, ní mór dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíocha a leanúint. Ní mór don tseirbhís a bheith féinmhaoinithe agus seachbhrabúsach.

### 6.1 Straitéis Fhoriomlán Airgeadais

Mínigh an plean airgeadais do na chéad trí bliana. Cuir san áireamh conas a chlúdófar costais réamhoibríochtúla agus chur ar bun (más gá) agus conas a dhaingneofar maoiniú chun aistriú chuig seirbhís lánaimseartha (i gcás inarb infheidhme).

Ní mór don phlean a bheith soiléir, réalaíoch agus a bheith ag teacht leis na cuntais réamh-mheasta agus ní mór doiciméid tacaíochta a sholáthar.
Cuir san áireamh:

- na ceachtanna a foghlaimíodh ó straitéisí rathúla san am a chuaigh thart,
- rioscaí agus conas a bhainisteofar iad; agus
- costais bhoilscithe agus costais eile lena bhfuil coinne.

Leag amach toimhdí lena ndéantar eolas don phlean, amhail:

- an cuntas teiste maoinithe roimhe sin,
- an costas a bhaineann le trealamh a chothabháil agus a athsholáthar; agus
- boilsciú amach anseo agus tosca eile.

### 6.2 Togra Maoinithe

6.2.1 Líon isteach Tábla A agus B thíos
Mura bhfuil an tseirbhís i bhfeidhm go hiomlán, soláthair sonraí maidir leis na ceanglais mhaoinithe iomlána agus conas a chomhlíonfar iad. Líon isteach Tábla A agus B.

| Tábla A – Maoiniú | € |
|---|---|
| Scairchaipiteal/Síntiúis na gComhaltaí | |
| Iasachtú Meántéarmach/Fadtéarmach | |
| Saoráidí Léasaithe/FC (luach caipitiúil) | |
| Deontais | |
| Tiomsú airgid | |
| Rótharraingt Bhainc | |
| Eile (sonraigh) | |
| IOMLÁN | €0.00 |

| Tábla B – Caiteachas | € |
|---|---|
| Caiteachas Caipitiúil (lena n-áirítear luach caipitiúil léasanna) | |
| Caiteachas Réamhoibríochtúil Eile, más infheidhme | |
| Caipiteal Oibre (ag dáta ar an aer) | |
| IOMLÁN | €0.00 |

### 6.3 Foinsí Maoinithe agus Caiteachais réamhoibríochtúil (más ábhartha)

6.3.1 Déan cur síos ar conas a dhéanfar ioncam réamhoibríochtúil a fhoinsiú ó na foinsí maoinithe a liostaítear i dTábla A.

6.3.2 Soláthair sonraí maidir le haon iasachtaí nó áiseanna creidmheasa a theastaíonn chun cur ar bun na seirbhíse a mhaoiniú, lena n-áirítear:

- méid, cineál agus fad na hiasachta nó na háise creidmheasa
- sceideal tarraingthe anuas (cathain agus conas a tharraingeofar na maoinithe anuas)

- aon urrús nó ráthaíochtaí is gá
- fasach maidir le cúnaint/coinníollacha príomha
- barántaí/gealltanais i gcás mainneachtana
- an t-achar ama chun na saoráidí sin a chur i bhfeidhm

6.3.3 Soláthair sonraí maidir leis an maoiniú atá i bhfeidhm roimh an gconradh a shíniú, agus sula seoltar an tseirbhís agus ina dhiaidh sin.

6.3.4 Léirigh an cion den bhuiséad caiteachais chaipitiúil a leithdháileadh ar tharchur, foirgnimh stiúideo, trealamh stiúideo, feistiú oifige agus costais ábhartha eile.

### 6.4 Réamh-mheastacháin Airgeadais

6.4.1 Líon isteach an tábla a sholáthraítear ionas go léireofar réamh-mheastacháin airgeadais do na chéad trí bliana eile agus achoimre ar na cuntais do na trí bliana roimhe sin. Cinntigh go mbeidh doiciméid iarscríbhinne ina dtaca leis na figiúirí sin.

6.4.2 Tabhair sonraí maidir leis na toimhdí taobh thiar de na réamh-mheastacháin airgeadais agus nasc iad go soiléir le codanna eile de d'iarratas. Ar na toimhdí d'fhéadfaí an ráta boilscithe, foinsí ioncaim lena bhfuil coinne, etc. a chuimsiú.

6.4.3 Mínigh na céimeanna atá le glacadh mura gcomhlíontar do réamh-mheastacháin airgeadais (mar shampla, easnaimh a chlúdach nó déileáil le hiasachtaí méadaithe le linn théarma an chonartha).

### Doiciméadacht Éigeantach

Cuir an fhaisnéis thíos san áireamh in iarscríbhinn agus cuir lipéad soiléir ar gach doiciméad.

Réamh-mheastacháin airgeadais

- Soláthair cuntais ioncaim agus chaiteachais réamh-mheasta mhionsonraithe do na chéad trí bliana. Léirigh na foinsí ioncaim a bhfuil coinne leo (mar shampla, fógraíocht, urraíocht, tiomsú airgid, deontais) agus miondealaigh an caiteachas de réir an réimse (mar shampla, soláthar foirne agus clársceidealú).
- Cuir cláir chomhardaithe réamh-mheasta san áireamh do na chéad trí bliana.
- Soláthair ráitis sreabhaidh airgid réamh-mheasta lena léirítear insreafaí agus eis-sreafaí comhlána do na chéad trí bliana.

Ráitis airgeadais agus cuntais bhainistíochta

- Cuir ráitis airgeadais iomlána, iniúchta san áireamh do na trí bliana roimhe sin.
- Cuir cuntais bhainistíochta san áireamh le haghaidh na tréimhse ó dheireadh na gcuntas iniúchta deiridh go dtí aon mhí amháin sula gcuirtear isteach iad.

## Cuid 7 – Tús Beartaithe an Chraolacháin

### 7.1 Dáta Ullmhachta

Luaigh dáta tosaigh measta na seirbhíse.

### 7.2 Anailís rébhealaigh

Liostaigh na gníomhaíochtaí, agus na hamscálaí ag gabháil leo, nach mór don iarratasóir a dhéanamh ó bhronnadh an chonartha go dtí an dáta ar an aer.

## 5. MEASTÓIREACHT AR IARRATAIS

Ní mór don Choimisiún Cinnteoireachta breithniú a dhéanamh ar na critéir in ailt 64 agus 66, fo-ailt (2), (3) agus (4) d'Acht 2009 ("Critéir Reachtúla") agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an iarratasóir is oiriúnaí do bhronnadh an chonartha craolacháin fuaime pobail. Faoi alt 65(10) d'Acht 2009, ní mór don Choimisiún Cinnteoireachta measúnú a dhéanamh ar gach iarratas agus é a scóráil i gcomhréir leis na critéir agus leis na ceanglais a leagtar amach in alt 66. Sa chuid thíos, tagraítear d'Acht 2009 agus mínítear conas is amhlaidh lena cheanglais a dhéantar eolas do mheasúnú an Choimisiúin Cinnteoireachta ar an iarratas agus a mhúnlaítear é.

Le halt 64, ceanglaítear ar an gCoimisiún Cinnteoireachta a bheith sásta go gcomhlíonann an t-iarratasóir na ceanglais seo a leanas:

- Alt 64(a): tá na comhaltaí siúd ionadaíoch ar an bpobal lena mbaineann agus cuntasach dó, agus
- Alt 64(b): is é an t-aon chuspóir amháin a bhainfeadh le bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha ná (i) dul i ngleic go sonrach le leasanna an phobail lena mbaineann, agus féachaint le sochar sóisialta a sholáthar dó, agus (ii) bronnadh airgid a bhaint amach nach mó ná a bhfuil gá leis le réasún chun íoc as na costais a thabhófar le linn an bunábhar sin a sholáthar.

Déanfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta measúnú ar na ceanglais sin faoi alt 66(2)(k) d'Acht 2009 agus scóráilfaidh sé iad, agus tríd sin is féidir breithniú a dhéanamh freisin ar aon bhearta eile is gá chun forbairt ordúil seirbhísí craolacháin a dhaingniú.

Ar mhaithe le treoir, agus chun measúnú a dhéanamh ar an iarratas agus chun é a scóráil, rinne an Coimisiún Cinnteoireachta na Critéir Reachtúla a ghrúpáil faoi cheithre cheannteideal: (1) úinéireacht agus rialú; (2) clársceidealú; (3) stiúideonna agus tarchur; agus (4) plean airgeadais agus gnó. Maidir le cuntas teiste iarratasóra faoi aon chonradh craolacháin a shealbhaítear roimh dháta an iarratais nó ina dhiaidh sin, déanfar measúnú air faoi gach ceannteideal.

### 5.1 Úinéireacht, Bainistíocht agus Rialachas

Seo a leanas na ceanglais faoi alt 66 d'Acht 2009 maidir le húinéireacht agus struchtúr rialaithe iarratasóra:

- Alt 66(2)(i): a inmhianaithe atá sé a cheadú d'aon duine, nó grúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici ar mhéid míchuí de na meáin chumarsáide, nó leas substaintiúil a bheith aige nó aici ann, sa limistéar a shonraítear leis an bhfógra;
- Alt 66(2)(k); tá comhaltaí an iarratasóra ionadaíoch ar an bpobal lena mbaineann agus freagrach dóibh;
- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

- Alt 66(2)(a): carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus a stiúrthóirí, a bhainisteora, a rúnaí nó oifigigh chomhchosúla eile agus a chuid comhaltaí agus na ndaoine siúd atá i dteideal úinéireacht thairbhiúil ar a scaireanna;
- Alt 66(2)(g): rialú a bheith aige nó aici ar líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime, nó leas substaintiúil a bheith aige nó aici ann, ar ina leith a bronnadh conradh craolacháin fuaime faoin gCuid seo (Cuid 6 d'Acht 2009);
- Alt 66(2)(h): a inmhianaithe atá sé a cheadú d'aon duine, nó grúpa daoine, rialú a bheith aige nó aici ar líon mhíchuí seirbhísí craolacháin fuaime, nó leas substaintiúil a bheith aige nó aici ann, sa limistéar a shonraítear san fhógra;

Cuirfear na critéir sin, i dteannta *Bheartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin, i bhfeidhm maidir le measúnú a dhéanamh ar thograí, lena n-áirítear:

- comhdhéanamh Bhord Rialaithe an iarratasóra;[13]
- an struchtúr ballraíochta beartaithe;
- an struchtúr bainistíochta beartaithe; agus
- cuntas teiste má bhí conradh craolacháin fuaime i seilbh an iarratasóra roimhe sin nó má tá conradh craolacháin fuaime ina sheilbh nó ina seilbh i láthair na huaire.

### 5.2 Leasanna an Phobail agus Sochar Sóisialta

Breithníonn an Coimisiún Cinnteoireachta a mhéid a sholáthróidh an tseirbhís sochar sóisialta don phobal lena mbaineann agus a thacóidh sí le forbairt fhoriomlán seirbhísí craolacháin.

[13] Bord Stiúrthóirí, an Coiste Bainistíochta nó comhlacht bainistíochta eile.

Seo a leanas na ceanglais faoi alt 66 d'Acht 2009 maidir leis an bpobal ar a bhfreastalófar:

- Alt 66(2)(k): a mhéid a sholáthróidh an tseirbhís sochar sóisialta don phobal lena mbaineann;
- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

Déanfar na critéir sin, i gcomhar leis na codanna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* agus *Creat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin, a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Sainiú agus tuiscint an iarratasóra ar an bpobal.
- Conas a chomhlíonfaidh an tseirbhís leasanna agus riachtanais éagsúla an phobail
- Tograí chun a chinntiú go soláthróidh an tseirbhís sochair shóisialta don phobal agus chun sochar sóisialta a fhorbairt agus a fheabhsú ar fheadh théarma an chonartha.
- Tograí chun meastóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís ó thaobh (i) riachtanais an phobail agus (ii) sochar sóisialta de.

### 5.3 Clársceidealú

Seo a leanas na ceanglais faoi alt 66 d'Acht 2009 maidir le clársceidealú:

- Alt 66(2)(c) agus (j): cáilíocht, cineál agus raon an chlársceidealúcháin a bheartaíonn an t-iarratasóir a sholáthar.
- Alt 66(2)(d): cainníocht, cáilíocht, cineál agus réimse na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann atá beartaithe lena soláthar;
- Alt 66(2)(e): a mhéid a dhéanfaidh an t-iarratasóir deiseanna nua a chruthú laistigh den tseirbhís chraolacháin atá beartaithe le haghaidh daoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht, agus go háirithe deiseanna i leith chultúr na hÉireann;
- Alt 66(2)(f): a inmhianaithe atá sé éagsúlacht seirbhísí a bheith ann sa limistéar saincheadúnais;
- Alt 66(2)(j): a mhéid a fhreastalaíonn an tseirbhís atá beartaithe ar phobail áitiúla inaitheanta agus atá na leasanna éagsúla sa phobal ina dtaca léi, nó a fhreastalaíonn sí ar phobail chomhleasa;
- Alt 66(2)(f): a inmhianaithe atá sé éagsúlacht seirbhísí a bheith ann sa limistéar saincheadúnais;
- Alt 66(2)(k): Aon nithe eile a mheasann an Coimisiún Cinnteoireachta a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a dhaingniú, agus, sa chás sin, a mhéid atá ábhar cláir ina thaca leis an méid seo a leanas – (i) inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, (ii) inbhuanaitheacht comhshaoil, agus (iii) litearthacht sna meáin.
- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.
- 66(2)(k): Aon nithe eile a mheasann an Coimisiún Cinnteoireachta a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a áirithiú, agus, sa chás seo, na socruithe comhlíontachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann an clársceidealú na hoibleagáidí reachtúla agus conarthacha uile.

Déanfar na critéir sin, i gcomhar leis na codanna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* agus *Creat um Shochar Sóisialta* an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- An straitéis chlársceidealúcháin agus na gealltanais chlársceidealúcháin atá beartaithe agus a mhéid a thugtar aghaidh léi ar riachtanais an phobail agus béim á cur ar ionadaíocht, cumasú, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht an phobail;
- An sceideal clár atá beartaithe;

- Socruithe comhlíontachta beartaithe an iarratasóra chun a chinntiú go gcomhlíonfar Cuid 3B d'Acht 2009; rud a bhaineann le dualgais, cóid agus rialacha ag a bhfuil feidhm maidir le soláthraithe seirbhíse meán agus craoltóirí fuaime, agus
- Is éard an cuntas teiste atá ag an iarratasóir go raibh conradh craolacháin fuaime ina sheilbh nó ina seilbh roimhe sin agus/nó go bhfuil conradh craolacháin fuaime ina sheilbh nó ina seilbh i láthair na huaire.

## 5.4 Oibríochtaí (Stiúideonna, Tarchur agus Acmhainní)

**Stiúideonna agus Tarchur**

Measann an Coimisiún Cinnteoireachta gur gá saoráidí stiúideo agus tarchuir a fhorbairt agus a chothabháil chun forbairt ordúil seirbhísí craolacháin a dhaingniú.
Is iad seo a leanas na ceanglais faoi alt 66 d'Acht 2009 maidir le stiúideonna agus tarchur:

- Alt 66(2)(k): leordhóthanacht na dtograí maidir le stiúideonna agus tarchur.
- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

Cuirfear na critéir sin i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, lena n-áirítear faoin méid seo a leanas:

- an t-achar ama atá beartaithe chun tús a chur leis an tarchur;
- leordhóthanacht na n-áiseanna stiúideo agus tarchuir, lena n-áirítear inrochtaineacht;
- oiriúnacht na dtograí tarchuir; agus
- cuntas teiste an iarratasóra, má bhí conradh craolacháin fuaime ina sheilbh nó ina seilbh roimhe sin nó má tá conradh craolacháin fuaime ina sheilbh nó ina seilbh i láthair na huaire.

**Acmhainní (Soláthar Foirne)** [14]

Déanann an Coimisiún Cinnteoireachta measúnú ar leordhóthanacht na n-acmhainní soláthair foirne agus rannpháirtíocht an phobail i ngach gné d'oibriú na seirbhíse raidió pobail, a bhfuil gá leo chun forbairt ordúil na seirbhísí craolacháin a dhaingniú.

- Alt 66(2)(k): leordhóthanacht acmhainní soláthair foirne an iarratasóra agus a chuid nó a cuid struchtúr agus beartas chun tacú leis an bhfoireann.
- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

[14] Áirítear idir bhaill foirne íoctha agus oibrithe deonacha i struchtúr soláthair foirne an iarratasóra.

Cuirfear na critéir sin i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, lena n-áirítear faoin méid seo a leanas:

- an struchtúr soláthair foirne atá beartaithe agus na réimsí ina n-oibreoidh sí;
- beartais soláthair foirne an iarratasóra;
- beartas oiliúna, tacaíochta agus forbartha foirne an iarratasóra; agus,
- aon luach saothair agus sochair do bhaill foirne.

### 5.5 Plean Airgeadais agus Gnó

Measann an Coimisiún Cinnteoireachta nár cheart soláthar bunábhair clár a bheith dírithe ach ar chostais a aisghabháil, costais a tabhaíodh agus an soláthar sin á chur ar fáil, chun tacú le forbairt ordúil seirbhísí craolacháin.

Is iad seo a leanas na forálacha ábhartha faoi alt 66 d'Acht 2009 i leith cúrsaí airgeadais agus pleananna gnó:

- Alt 66(2)(k): cuirfear soláthar bunábhair clár i gcrích agus gan de chuspóirí aige sin ach bronnadh airgid a bhaint amach, bronnadh nach mó ná mar is gá le réasún chun íoc as na costais a thabhófar agus an soláthar sin á chur i gcrích;

- Alt 66(2)(b): leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais atá ar fáil don iarratasóir agus a mhéid a bheidh an t-iarratas ag teacht le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta; agus

- Alt 66(4): cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i dtaca le seirbhís chraolacháin arna soláthar aige faoi aon chonradh craolacháin ina sheilbh ar an dáta a dhéantar iarratas, nó roimh an dáta sin.

Déanfar na critéir sin, chomh maith leis na codanna ábhartha de *Bheartas um Meáin Phobail* an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus measúnú á dhéanamh ar thograí an iarratasóra, lena n-áirítear faoin méid seo a leanas:

Plean airgeadais agus gnó an iarratasóra, lena n-áirítear:

- straitéis airgeadais fhoriomlán an iarratasóra;
- tograí infheistíochta an iarratasóra;
- foinsí maoinithe agus caiteachais;
- réamh-mheastacháin airgeadais an iarratasóra;
- na straitéisí atá le cur i bhfeidhm chun na réamh-mheastacháin a bhaint amach;
- deimhniú go mbeidh an struchtúr maoinithe i gcomhréir leis an gceanglas maidir le bheith féinmhaoinithe agus seachbhrabúsach; agus
- cuntas teiste an iarratasóra i gcás ina raibh conradh craolacháin fuaime ina sheilbh nó ina seilbh roimhe sin nó ina bhfuil conradh craolacháin fuaime ina sheilbh i láthair na huaire.

### 5.6 An Mhaitrís Scórála

Le halt 65, fo-ailt (10) agus (11) d'Acht 2009, soláthraítear an creat reachtúil chun iarratais a bhreithniú agus a scóráil:-

> ***(10)*** *Le linn dó breithniú a dhéanamh ar iarratais go ndeonófaí conradh craolacháin fuaime déanfaidh [an Coimisiún Cinnteoireachta] iarratais a chinneadh de réir alt 66 agus sannfaidh sé scór i leith gach ceann de na critéir, nó i leith teaglaim de na critéir, a shonraítear in alt 66(2) agus*

*cuirfidh [an Coimisiún Cinnteoireachta] an sannadh sin in iúl do gach duine a thug le fios go bhfuil ar intinn aige nó aici iarratas a dhéanamh ar chonradh.*
***(11)*** *Déanfaidh [an Coimisiún Cinnteoireachta], le linn dó teacht ar chinneadh maidir le conradh craolacháin fuaime a bhronnadh, scór comhaontaithe a shannadh do gach ceann de na hiarratais a gheofar i gcomhréir le fo-alt (10).*

Déanann an Coimisiún Cinnteoireachta measúnú freisin ar na critéir in alt 64, alt 66(3) agus alt 66(4) agus scórálann sé iad. Measann an Coimisiún Cinnteoireachta go bhfuil critéir áirithe níos tábhachtaí ná cinn eile chun cuspóirí reachtacha agus beartais a bhaint amach. Dá thoradh sin, tá ualú níos mó ag ceanglais áirithe sa phróiseas meastóireachta. Léirítear an méid sin sa tábla samplach in Iarscríbhinn 2: tá critéar lena ngabhann ualú ocht (8) níos tábhachtaí ná ceann lena ngabhann ualú sé (6), rud atá níos tábhachtaí ná ceann lena ngabhann ualú ceathair (4) agus mar sin de.
***Ní mór do na hiarratasóirí caoga faoin gcéad (50%) ar a laghad den scór atá ar fáil faoi gach critéar is infheidhme a bhaint amach.[15] Maidir le hiarratais nach gcomhlíonann an tairseach sin, níl siad incháilithe le haghaidh bronnadh conartha craolacháin fuaime pobail. Tagair don Mhaitrís Scórála atá faoi iamh in* Iarscríbhinn 2.**

### 5.7 An Próiseas Cinnteoireachta

Leanann an Coimisiún Cinnteoireachta an nós imeachta thíos chun an t-iarratasóir is oiriúnaí a chinneadh le haghaidh bhronnadh an chonartha craolacháin fuaime pobail.

Déanann an Coimisiún Cinnteoireachta meastóireacht tosaigh ar gach iarratas cáilitheach, lena n-áirítear athbhreithniú ar an iarratas a cuireadh isteach agus ar an measúnú foirne. Tá an mheastóireacht struchtúrtha agus úsáid á baint as na ceannteidil agus na critéir reachtúla a leagtar amach i gcuid 5 *Meastóireacht ar Iarratais* den Treoir seo agus leagtar béim inti ar shaincheisteanna atá ábhartha maidir leis na critéir reachtúla in alt 64 agus alt 66 d'Acht 2009.

Má tá soiléiriú nó faisnéis bhreise ag teastáil, féadfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta é nó í a lorg trí cheann amháin díobh seo a leanas nó iad araon:

- Ceisteanna Forlíontacha: féadfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta a iarraidh ar iarratasóirí liosta de cheisteanna forlíontacha a chur i gcrích chun aghaidh a thabhairt ar fhiosrúcháin nó gnéithe d'iarratas a shoiléiriú. Cuirfear freagraí scríofa ar fáil go poiblí ar an mbonn céanna leis an iarratas scríofa.
- Cuir i Láthair ó Bhéal: Féadfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta a iarraidh ar iarratasóirí cur i láthair ó bhéal a dhéanamh maidir lena dtograí don tseirbhís craolacháin fuaime. Féadfaidh cuir i láthair a bheith de chineál poiblí nó príobháideach agus féadfar faisnéis bhreise a sholáthar leo chun cuidiú leis an gCoimisiún Cinnteoireachta breithniú a dhéanamh ar inmharthanacht agus fiúntais na n-iarratas ábhartha.

Tar éis cuir i láthair ó bhéal agus/nó freagraí ar cheisteanna scríofa forlíontacha, déanann an Coimisiún Cinnteoireachta gach iarratas a scóráil faoi na critéir reachtúla sa Mhaitrís Scórála san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo tar éis plé coláisteach.

---

[15] Mura raibh conradh craolacháin i seilbh iarratasóra roimhe sin, eisiatar "cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra" nó a scór "cuntais teiste" faoi alt 66(4) d'Acht 2009 agus comhlíonadh an scóir íosta 50% á fhíorú le haghaidh gach critéir. I gcás ina bhfuil feidhm ag an scór sin, tá a ualú ag brath ar an gcineál conartha a sealbhaíodh roimhe sin. Mar shampla, beidh ualú níos lú ag gabháil le conradh sealadach ná conradh pobail píolótach, agus beidh ualú níos lú ag gabháil le conradh píolótach ná conradh pobail lánaimseartha.

Trí vóta tromlaigh an Choimisiúin Cinnteoireachta, cinntear an scór deiridh a shanntar do gach iarratas.[16]

Beidh iarratais nach sanntar scór cáilitheach dóibh faoi aon cheann de na critéir dícháilithe. Mura sanntar scór cáilitheach d'aon iarratas faoi gach critéar reachtúil, tabharfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta an próiseas ceadúnaithe chun críche. Tabharfar fógra d'iarratasóirí neamhrathúla faoina scóir agus faoi na cúiseanna leis an gcinneadh.

Maidir leis an iarratas lena mbaintear amach scór cáilitheach faoi gach critéar agus an scór is airde ar an iomlán, is féidir a mheas go mbeidh sé ar an iarratasóir is oiriúnaí.

Forchoimeádann an Coimisiún Cinnteoireachta an ceart gan an conradh craolacháin fuaime a bhronnadh.

## 6. BRONNADH AN CHONARTHA

Tá bronnadh conartha craolacháin fuaime pobail faoi réir an t-iarratasóir rathúil a bheith ag comhaontú leis na téarmaí agus na coinníollacha arna gcinneadh ag an gCoimisiún Cinnteoireachta. Mura gcomhaontaíonn an t-iarratasóir rathúil leis na téarmaí nó na coinníollacha sin, nó mura gcomhlíonann sé nó sí iad laistigh den achar ama sonraithe, forchoimeádann an Coimisiún Cinnteoireachta an ceart aige féin gan an conradh a dhéanamh.

Tá cóip den chonradh craolacháin fuaime pobail beartaithe le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin nó arna iarraidh sin dá oifigí. Sna sceidil a ghabhann leis an gconradh áirítear, go príomha, an fhaisnéis, na gealltanais agus na tiomantais ón iarratas rathúil agus idirbheartaíocht chonartha ina dhiaidh sin.

Faoi alt 69(5) d'Acht 2009, tá na conarthaí craolacháin fuaime uile ar fáil lena n-iniúchadh ag oifigí an Choimisiúin nó arna iarraidh sin don Choimisiún.

### 6.1 Fad an Chonartha

Féadfar conarthaí craolacháin fuaime pobail a bhronnadh le haghaidh suas le deich (10) mbliana. Féadfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta a chinneadh an conradh a bhronnadh ar feadh tréimhse níos gairide ná sin. Sonraítear téarma an chonartha sna téarmaí agus sna coinníollacha.

### 6.2 Athruithe ar Chomhdhéanamh

Féadfaidh an Coimisiún Cinnteoireachta conradh a chúlghairm tar éis a bhronnta má tharlaíonn athruithe ábhartha lena ndéantar difear do chineál nó saintréithe an iarratasóra rathúil nó na ndaoine ag a bhfuil rialú ar an gconradh, nó leas ann, i gcás ina bhféadfadh tionchar a bheith ag na hathruithe sin ar an gcinneadh chun an conradh a bhronnadh dá dtarlóidís ní ba luaithe.


### 6.3 Aistriú an Chonartha

Ní féidir conradh craolacháin fuaime pobail a aistriú gan toiliú a fháil roimh ré ón gCoimisiún Cinnteoireachta.

[16] Déan tagairt d'ailt 64, 65 agus 66 d'Acht 2009.

## Iarscríbhinn 1 - Riachtanais Stiúideo

### Riachtanais maidir le Cúrsaíocht Stiúideo




Taispeántar le Fíor 1 na toisí riachtanacha chun críocha inrochtaineachta i ngnáthstiúideo.

Seo a leanas íosluachanna agus luachanna molta A, B & C.

Is é 750mm luachanna íosta A & B.

Ba cheart go mbeadh A & B 1.2m ar a laghad.

Má tá ceachtar A nó B níos lú ná 1.2m, beidh caschiorcal 1.5m ar fad ag teastáil ag suíomh an láithreora taobh thiar den deasc.

Is é 1.2m íosluach C.

Go hidéalach, ba cheart go mbeadh caschiorcal 1.5m ann os comhair na deisce.

## Iarscríbhinn 2 – Maitrís Shamplach Scórála

**Conradh Craolacháin Fuaime Pobail**

**Limistéar saincheadúnais: Caisleán Bharraigh agus an Ceantar Máguaird**

| **Úinéireacht, Rialachas agus Bainistíocht (90 pointe)** | | **Ualú** | **An Scór atá ar Fáil** | **An Scór a Bronnadh** |
|---|---|---|---|---|
| 66(2)(k) | Aon nithe eile a mheasann an Coimisiún Cinnteoireachta a bheith riachtanach chun forbairt ordúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a dhaingniú, agus, sa chás sin, a mhéid atá comhaltaí an iarratasóra ionadaíoch, agus freagrach, don phobal lena mbaineann. | 6 | 30 | |
| 66(2)(a) | Carachtar, saineolas agus taithí an iarratasóra nó, más comhlacht corpraithe an t-iarratasóir, carachtar, saineolas agus taithí an chomhlachta agus a stiúrthóirí, a bhainisteora, a rúnaí nó oifigigh chomhchosúil eile agus a chuid comhaltaí agus na ndaoine siúd atá i dteideal úinéireacht thairbhiúil ar a scaireanna. | 4 | 20 | |
| 66(2)(g) | A inmhianaithe atá sé a cheadú d’aon duine, nó d’aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime ar ina leith a bronnadh conradh craolacháin fuaime faoin gCuid seo. | 2 | 10 | |
| 66(2)(h) | A inmhianaithe atá sé a cheadú d’aon duine, nó d’aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar líon míchuí seirbhísí craolacháin fuaime sa limistéar a shonraítear san fhógra. | 2 | 10 | |
| 66(2)(i) | A inmhianaithe atá sé a cheadú d’aon duine, nó d’aon ghrúpa daoine, rialú nó leas substaintiúil a bheith aige nó acu ar mhéid míchuí de na meáin chumarsáide sa limistéar a shonraítear leis an bhfógra. | 2 | 10 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i leith seirbhís craolacháin a bheith á soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin atá ina sheilbh nó ina seilbh an dáta a dhéantar an t-iarratas nó roimhe sin. | 2 | 10 | |
| **Sochar Sóisialta (60 pointe)** | | | | |
| 66(2)(k) | Is é an t-aon chuspóir amháin a bhainfidh le bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha ná díriú go sonrach ar leasanna an phobail lena mbaineann, agus féachaint le sochar sóisialta a sholáthar dó. (64(b)(i)). | 10 | 50 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i leith seirbhís craolacháin a bheith á soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin atá ina sheilbh nó ina seilbh an dáta a dhéantar an t-iarratas nó roimhe sin. | 2 | 10 | |
| **Clársceidealú (220 pointe)** | | | | |
| 66(2)(c) | Cáilíocht, réimse agus cineál na gclár beartaithe atá le soláthar ag an iarratasóir. | 8 | 40 | |
| 66(2)(d) | Cainníocht, cáilíocht, cineál agus réimse na gclár Gaeilge agus méid na gclár a bhaineann le cultúr na hÉireann atá beartaithe lena soláthar. | 6 | 30 | |
| 66(2)(e) | A mhéid a dhéanfaidh an t-iarratasóir deiseanna nua a chruthú laistigh den tseirbhís chraolacháin atá beartaithe le haghaidh daoine a bhfuil buanna acu sa cheol, sa drámaíocht agus sa tsiamsaíocht, agus go háirithe deiseanna i leith chultúr na hÉireann. | 6 | 30 | |
| 66(2)(f) | A inmhianaithe atá sé éagsúlacht seirbhísí a bheith ann sa limistéar a shonraítear san fhógra chun freastal ar réimse fairsing ábhar is díol spéise, lena n-áirítear ábhair is díol spéise do leasanna mionlaigh. | 8 | 40 | |
| 66(2)(j) | A mhéid a dhéanfar na nithe seo a leanas leis an tseirbhís atá beartaithe:<br>(i) freastalaíonn sí ar phobail áitiúla inaitheanta agus tacaíonn na leasanna éagsúla sa phobal léi, nó<br>(ii) freastalaíonn sí ar phobail chomhleasa | 8 | 40 | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 66(2)(k) | Aon nithe eile a mheasann an Coimisiún Cinnteoireachta a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a dhaingniú, agus, sa chás sin, a mhéid atá ábhar cláir ina thaca leis an méid seo a leanas – (i) inscne, comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht, (ii) inbhuanaitheacht comhshaoil, agus (iii) litearthacht sna meáin. | 4 | 20 | |
| 66(3) | Le linn breithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá aon iarratasóir le conradh craolacháin fuaime a bhronnadh air chun seirbhís craolacháin fuaime a sholáthar i leith limistéar a chuimsíonn limistéar Gaeltachta, beidh aird ar leith ag an gCoimisiún Cinnteoireachta ar leanúint agus ar chur chun cinn na Gaeilge mar theanga labhartha | N/B | N/B | |
| 66(2)(k): | Aon nithe eile a mheasann an Coimisiún Cinnteoireachta a bheith riachtanach chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin fuaime a áirithiú, agus, sa chás seo, na socruithe comhlíontachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíonann an clársceidealú na hoibleagáidí reachtúla agus conarthacha uile. | 2 | 10 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i leith seirbhís craolacháin a bheith á soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin atá ina sheilbh nó ina seilbh an dáta a dhéantar an t-iarratas nó roimhe sin | 2 | 10 | |
| **Oibríochtaí (Stiúideonna, Tarchur agus Acmhainní) (50 pointe)** | | | | |
| 66(2)(k) | Aon nithe eile is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a áirithiú<br>(i) Leordhóthanacht na saoráidí stiúideo agus tarchurtha<br>(ii) Oiriúnacht na dtograí tarchuir | 4 | 20 | |
| 66(2)(k) | Aon nithe eile is gá chun forbairt rianúil ar sheirbhísí craolacháin a dhaingniú agus, sa chás sin, leordhóthanacht na n-acmhainní (foirne) beartaithe. | 4 | 20 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i leith seirbhís craolacháin a bheith á soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin atá ina sheilbh nó ina seilbh an dáta a dhéantar an t-iarratas nó roimhe sin | 2 | 10 | |
| **Cúrsaí Airgid agus Plean Gnó (60 pointe)** | | | | |
| 66(2)(b) | Leordhóthanacht na n-acmhainní airgeadais a bheidh ar fáil do gach iarratasóir agus a mhéid a thagann an t-iarratas le dea-phrionsabail ghnó agus eacnamaíochta | 6 | 30 | |
| 62(2)(k) | Is é an t-aon chuspóir amháin a bhainfidh le bunábhar clár a sholáthar de bhun an chonartha ná bronnadh airgid a bhaint amach nach mó ná a bhfuil gá leis le réasún chun íoc as na costais a thabhófar le linn an bunábhar sin a sholáthar. (64(b)(ii)) | 4 | 20 | |
| 66(4) | Cáilíocht fhoriomlán fheidhmíocht an iarratasóra i leith seirbhís craolacháin a bheith á soláthar aige nó aici faoi aon chonradh craolacháin atá ina sheilbh nó ina seilbh an dáta a dhéantar an t-iarratas nó roimhe sin | 2 | 10 | |
| | | | **480** | |

***Ní mór don Iarratasóir 50% ar a laghad a scóráil faoi gach critéar chun cáiliú le conradh a bhronnadh air nó uirthi***

**Coimisiún na Meán**

1 Foirgnimh Shíol Bhroin,

Bóthar Shíol Bhroin

Baile Átha Cliath 4

D04 NP20

Éire

Teileafón: 01 644 1200

Ríomhphost: info@cnam.ie
Suíomh Gréasáin: www.cnam.ie